Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta

# Tuarascáil Deiridh












# Clár na nÁbhar


Réamhrá ..... 5

Foireann an Tionscadail ..... 7

Cur Chuige atá bunaithe ar Chearta an Linbh ..... 12

Ár nAistear ..... 14

Deireadh Seachtaine 1: Foghlaim agus Plé ..... 18

Imscrúduithe Neamhspleácha ..... 25

Deireadh Seachtaine 2: Glaonna chun Gnímh a Fhorbairt ..... 26

Glao chun Gnímh ..... 31

Buíochas ..... 39

Tagairtí ..... 40


An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a mhaoinigh an Tionól Páistí agus Daoine Óga.

DCU Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dublin City University

UCC University College Cork, Ireland Coláiste na hOllscoile Corcaigh

terre des hommes Help for Children in Need

Cóipcheart DCU 2023




# Réamhrá

I mí Dheireadh Fómhair 2022, reáchtáil Éire a céad Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta. Bhí páistí agus daoine óga páirteach i leagan amach an Tionóil, agus tugadh le chéile ann 35 ball idir 7–17 mbliana d'aois ó gach cearn d'Éirinn a roghnaíodh go randamach chun moltaí a iniúchadh, a phlé agus a dhéanamh maidir le gníomhartha chun an bhithéagsúlacht in Éirinn a chosaint agus a athchóiriú.

Tionóladh an Tionól Páistí agus Daoine Óga tráth a bhfuil uair na cinniúna don dúlra agus don bhithéagsúlacht ag teannadh linn. Le linn chéad Chruinniú Mullaigh na Cruinne in 19921, leag ceannairí domhanda béim ar an meath leanúnach atá ag teacht ar na héiceachórais a mbímid ag brath orthu dár bhfolláine. In ainneoin cainteanna agus céimeanna sa treo ceart, tá na héiceachórais fós i mbaol.

Na roghanna beartais atá á ndéanamh anois faoin dúlra agus faoin mbithéagsúlacht, rachaidh siad i bhfeidhm go mór ar pháistí, ar dhaoine óga agus ar na glúnta atá le teacht san iomaí réimse, lena n-áirítear torthúlacht na hithreach, cáilíocht an uisce, maolú tuilte, agus maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide agus dul in oiriúint dó.

Ar fud an domhain, tá páistí agus daoine óga iad féin ag éileamh go gcuirfí san áireamh iad sa chinnteoireacht lena gcosnófar an dúlra, an comhshaol agus an saol atá rompu. Seans gur ag an nglúin seo a bheidh an deis dheireanach aici an dochar atá déanta don dúlra a chur ina cheart agus an chothromaíocht a chur i réim arís inár n-éiceachórais.

Le deich mbliana anuas, tá ainm in airde ar Éirinn as guth na ndaoine fásta a chuimsiú i ndéanamh beartas, trí thionóil saoránach. I mí Feabhra 2022, d'fhaomh Rialtas na hÉireann bunú tionóil saoránach faoi chailliúint na bithéagsúlachta. Idir Bealtaine 2022 agus Eanáir 2023, tionóladh cruinnithe ag a raibh 99 duine fásta (18 mbliana d'aois agus os a chionn) a roghnaíodh go randamach chun foghlaim, plé agus moltaí a chur faoi bhráid rialtas na hÉireann maidir le "conas is féidir leis an Stát feabhas a chur ar an bhfreagairt atá aici ar chailliúint na bithéagsúlachta".



Léirítear an-suim i dtíortha eile sa chaoi ar féidir le tionóil saoránach a bheith ina sásraí éifeachtacha chun freastal ar na cearta rannpháirtíochta atá ag páistí agus daoine óga. Is féidir le sásraí dá leithéid plé idir na glúnta a spreagadh ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar díreach acu ar gach duine sa tsochaí. Eascraíonn cuid mhór den spéis sin as an méid a foghlaimíodh ó Thionól Aeráide na hAlban, a bhí ar an gcéad cheann ag ar bailíodh tuairimí agus smaointe ó pháistí faoi 16 bliana d'aois trí chomhpháirtíocht le Parlaimint na bPáistí in Albain.2

Ina fhianaise sin, choimisiúnaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta dearadh agus reáchtáil Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta, tionól a raibh sé ina aidhm leis rannpháirtíocht páistí agus daoine óga a bhaint amach ar bhealach fiúntach agus a bheith ina spás le haghaidh plé idir na glúnta faoin gcaoi a gcosnóidh Éire a bithéagsúlacht.

"An chéad lá riamh, agus Tionól Saoránach na hÉireann á eagrú chun cúrsaí bithéagsúlachta a phlé, bhraith mé go raibh sé thar a bheith tábhachtach go n-éistfí le tuairimí na ndaoine óga maidir leis an gcaoi a bhforbrófar beartas i leith na bithéagsúlachta. Feicim go bhfuil dearcadh ag daoine óga go háirithe ar fiú go mór é a chur san áireamh sa chéad phlean gníomhaíochta náisiúnta eile faoin mbithéagsúlacht agus sa mhéid a dhéanfaidh Éire chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na bithéagsúlachta.

I gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, leagtar síos nach mór dúinn aird a thabhairt ar an méid atá le rá ag páistí agus daoine óga. Is ceart bunúsach é sin. Ach ní mór é sin a dhéanamh ar bhealach fiúntach. Ní leor an cur i gcéill. Ní leor tic a chur i mboscaí agus a rá go ndeachamar i gcomhairle le daoine óga. Caithfear aird a thabhairt orthu.

Tá imní ar pháistí agus ar dhaoine óga i saol an lae inniu. Tá athruithe móra le feiceáil ar domhan ó thaobh na haeráide agus na bithéagsúlachta de. Sílim gur tábhachtach an rud é go mbeidís in ann an imní sin a chur in iúl agus a bheith in ann a rá, 'Seo iad na réitigh atá againne. Is féidir linne an méid seo a dhéanamh, agus seo é an domhan atá uainn.' "

- Malcolm Noonan T.D., An tAire Stáit um an Oidhreacht agus Athchóiriú Toghchánach






Sa tuarascáil seo, insítear scéal an Tionóil Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta – conas a bunaíodh é, conas a bhíomar ag obair le chéile, agus cad a tháinig as. Tá súil againn go mbainfidh tú sult as scéal ár n-aistir!

## Foireann an Tionscadail

Choimisiúnaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta cuibhreannas taighde neamhspleách chun an Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta a dhearadh agus a reáchtáil. Ba í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) a bhí i gceannas ar chuibhreannas an tionscadail agus páirteach ann freisin bhí Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC), agus terre des hommes (tdh), eagraíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar na cearta atá ag páistí i dtaobh an chomhshaoil de. Thug an cuibhreannas le chéile saineolaithe ceannródaíocha náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fud na réimsí seo a leanas: an rialachas comhshaoil agus an daonlathas machnamhach; cearta an linbh, rannpháirtíocht, léann an oideachais; agus an bhithéagsúlacht agus an dúlra. Cuir aithne ar an bhfoireann anseo!

Go rómhinic, is daoine fásta a dhearann próisis agus institiúidí i gcomhair rannpháirtíocht páistí agus daoine óga. Chun caitheamh go dáiríre leis an oibleagáid atá orainn cead cainte a bheith ag páistí agus daoine óga ó thaobh cúrsaí a bhaineann leo féin, d'fhéachamar le **foireann tionscadail idirghlúine** a bhunú ar a mbeadh páistí agus daoine óga, chomh maith leis na daoine fásta san fhoireann tionscadail. Bhí an méid sin riachtanach lena chinntiú go ndéanfaí an Tionól a dhearadh agus a reáchtáil ar bhealach a mbainfeadh páistí agus daoine óga tairbhe as.

I mí na Bealtaine 2022, thugamar cuireadh do pháistí agus do dhaoine óga ar fud na hÉireann ar mór acu an dúlra, an comhshaol agus an bhithéagsúlacht cur isteach ar bheith ina **gComhairleoir Óg** sa phróiseas sin. I mí an Mheithimh 2022, chuireamar fáilte roimh naonúr Comhairleoirí Óga idir 8-16 bliana d'aois chuig an bhfoireann.

Dhá uair sa mhí, bhuail na Comhairleoirí Óga ar líne leis na daoine fásta san fhoireann tionscadail chun próiseas an Tionóil a leagan amach le chéile.

Bhí rudaí éagsúla i gceist ansin:

1. Foghlaim faoin daonlathas machnamhach agus próisis rannpháirtíochta fiúntacha a fhiosrú.
2. Comhairle a chur ar na daoine fásta ar an bhfoireann tionscadail maidir le conas próiseas cuimsitheach, cothrom a chur ar bun chun na baill Tionóil a roghnú – agus cabhrú linn an scéal a scaipeadh ar pháistí agus daoine óga ar fud na hÉireann.
3. Gníomhaíochtaí agus ábhair a cheapadh le chéile lena n-úsáid i gcomhair an Tionóil

Ceist amháin a cuireadh orainn is ea cén fáth ar roghnaíomar raon aoise chomh leathan sin (7-17) do bhaill an Tionóil. Is iad na Comhairleoirí Óga féin a rinne an cinneadh sin! Mhothaigh ár gComhairleoir is óige gur cheart dúinn fáilte a chur roimh pháistí 7 mbliana d-aois chuig an bpróiseas mar go ndéantar páistí níos óige a eisiamh go minic agus, ón taithí a bhí aici féin, gur shíl sí go mbeadh páistí 7 mbliana d-aois in ann páirt iomlán a ghlacadh sa Tionól ach an tacaíocht cheart a bheith ar fáil dóibh. D'aontaigh an fhoireann leis sin.



Idir na cruinnithe ar líne, bhí an fhoireann tionscadail idirghlúine ag obair le chéile agus iad ag baint úsáid as uirlisí comhoibrithe ar líne chun beocht a chur sna smaointe agus san fhís a bhí acu. Ansin thángamar go léir le chéile i gcomhair seisiún cónaitheach deireadh seachtaine i mí Mheán Fómhair, áit a rabhamar ag obair le chéile chun dhá dheireadh seachtaine an Tionóil a leagan amach agus a ullmhú. Mar chuid den obair sin, bheartaíomar conas a chothófaí atmaisféar fáilteach lúcháireach, conas a bheimis ag obair le chéile mar chomh-éascaitheoirí, agus cad ba ghá dúinn go léir a dhéanamh (agus a bheith ag faire amach dó) ionas go mbeadh gach duine slán sábháilte agus sona.

"Sílim go raibh an-fhiúntas ag baint leis an Tionól ós rud é gur casadh Comhairleoirí Óga eile orm a raibh an tsuim chéanna acu sa bhithéagsúlacht agus atá agam féin. Bhí sé thar a bheith deas freisin bualadh le daoine a bhíonn ag obair i réimse na bithéagsúlachta – mhúineadar dúinn faoin mbithéagsúlacht agus bhí an deis againn cuairt a thabhairt ar anaclanna dúlra agus a bheith amuigh faoin aer i measc na bithéagsúlachta."

Comhairleoir Óg, 13 bliana d-aois

Ghlac na Comhairleoirí Óga páirt in dhá dheireadh seachtaine an Tionóil, cé nár bhaill fhoirmiúla den Tionól iad. Le linn na seisiún sin, ghlac na Comhairleoirí Óga róil éagsúla a rabhadar ar a gcompord leo agus a rabhadar spreagtha chun treoir a thabhairt ina leith. Áiríodh leis sin comh-éascaíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus obair ghrúpa, taifead a dhéanamh ar an Tionól trí phíosaí scannánaíochta, grianghraif agus múrmhaisiúcháin, spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do bhaill an Tionóil, agus fiú suaitheantais a dhéanamh do na haíonna speisialta go léir ionas go mbeadh a n-ainm ar taispeáint.





Scannánaíocht



Ealaín





Grianghrafadóireacht







Anabel, 16



Elsie, 8



Fiach, 10




Amhairghin, 15



Jesse, 13



Jordan, 10





Marlie, 12



Niamh, 16



Síofra, 12





## Teachtaireacht ó na Comhairleoirí Óga

Tá sé iontach tábhachtach gur féidir le páistí agus daoine óga na hÉireann a dtuairimí a chur in iúl maidir le cailliúint na bithéagsúlachta, mar is muidne a chaithfidh maireachtáil le cibé rud a tharlaíonn. Cibé athruithe a dhéanfar, is muidne a bhraithfidh a dtionchar agus a mhairfidh leis na torthaí, bídís maith nó olc.

Aistear speisialta dúinn go léir a bhí sa Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta. Cé gur ó chúlraí éagsúla a tháinig gach duine agus nach raibh mórán eolais ag cuid againn faoin mbithéagsúlacht ag an tús, bhíomar go léir ann toisc gur theastaigh uainn difríocht a dhéanamh. Mhothaigh go leor againn go rabhamar páirteach i mbeart daonlathach ar leith ar son an dúlra.

Mar gheall gur chuireamar aithne mhaith ar a chéile ag an Tionól, is fearr a bhíomar in ann a bheith ag obair le chéile agus éisteacht lena chéile. Bhí meon cairdis agus measa le sonrú ar fud an phróisis ar fad agus mhothaigh gach duine gur éisteadh leis nó léi. Ba í an chomhbhá a cothaíodh dá bharr sin a spreag na glaonna chun gnímh.

Is iomaí duine fásta a cheapann nach bhfuil páistí in ann rud mar seo a bhaint amach, ach cruthaíonn sé seo gur féidir linn rud ar bith a dhéanamh agus go bhfuil smaointe iontacha againn le roinnt. Ba cheart go mbeadh páistí agus daoine óga páirteach i dtionóil saoránach amach anseo mar gur cuid den tsochaí muid agus go bhfuil cead cainte tuillte ag gach duine. Ní mór éisteacht a bheith againn, go háirithe maidir le saincheisteanna atá chomh tábhachtach leis an gceann seo. Ní hionann an modh smaointeoireachta atá againn féin agus a bhíonn ag na daoine fásta. Ba cheart ár smaointe a chur san áireamh más mian le daoine fásta gach deis a thapú chun teacht ar réiteach ar ghéarchéim na bithéagsúlachta. Ní mór dúinne a bheith mar chuid de na réitigh ar na fadhbanna sin, agus sin é is mian linn a dhéanamh.

Mar sin, cad a tharlóidh anois? Táimid ag iarraidh go nglacfaí le moltaí an Tionóil agus go gcaithfear go dáiríre leo ionas go mbeidh tionchar láithreach, fadtéarmach ag an Tionól ar fhadhb na cailliúna bithéagsúlachta in Éirinn. Táimid ag iarraidh ar an rialtas smaointe an Tionóil a chur san áireamh ina chuid beartas.

Teastaíonn uainn go mairfidh an Tionól i gcuimhne daoine, agus go mbeidh tuilleadh deiseanna ag páistí agus daoine óga ár dtuairimí agus ár smaointe a chur in iúl. Is é seo uair na cinniúna do ghníomhaíocht aeráide agus dúlra na hÉireann agus níor cheart dúinn na maidí a ligean le sruth.

Agus an tuarascáil seo á léamh agat, ba mhaith linn go mbraithfeá gach rud a bhraitheamar (ár bhfoireann tionscadail agus baill an Tionóil) le linn an phróisis. Ach in ionad a bheith buailte ag an éadóchas faoin gcaoi a bhfuil cúrsaí, ba mhaith linn go mbraithfeá spreagtha, fonn diongbháilte a bheith ort páirt a ghlacadh sna réitigh, agus an-dóchas a bheith agat toisc gur féidir linn go léir difríocht a dhéanamh.

# Cur Chuige atá Bunaithe ar Chearta an Linbh

Bhí an cur chuige a ghlacamar bunaithe ar dhíograis i leith chearta an linbh, mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Sa Choinbhinsiún sin, tugtar sainmhíniú ar leanbh (nó páiste) mar dhuine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. Úsáidimid an frása 'páistí agus daoine óga' agus é á aithint againn gur minic a úsáideann páistí níos sine 'daoine óga' chun cur síos a dhéanamh orthu féin. Mar sin féin, agus an leagan 'páistí agus daoine óga' á úsáid againn, is iad siúd go léir atá faoi 18 mbliana d'aois atá i gceist againn.

Saincheist a bhaineann le cearta an linbh is ea cailliúint na bithéagsúlachta, go háirithe mar gheall ar an tionchar a bhíonn aige ar an gceart atá ag páistí agus daoine óga fás aníos i dtimpeallachtaí atá glan, sláintiúil agus sábháilte, anois agus feasta. Tá sé de cheart ag páistí agus ag daoine óga go gcuirfí oideachas orthu agus go bhfaighidís eolas faoi na hábhair sin, agus deiseanna a bheith acu a dtuairimí a chur in iúl – agus go gcaithfí go dáiríre leo – faoi chinntí atá á ndéanamh.

Tá Éire díograiseach le fada an lá ó thaobh chearta an linbh agus cearta daoine óga a chosaint. Dhaingnigh sí Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh in 1992. Faoin gcoinbhinsiún sin, tá sé de fhreagracht ar lucht déanta cinntí páistí agus daoine óga a áireamh mar rannpháirtithe gníomhacha i bhforbairt beartas maidir le hathchóiriú na bithéagsúlachta in Éirinn.



Ón gcéad lá riamh, ghlac foireann an tionscadail cur chuige atá bunaithe ar chearta an linbh maidir le dearadh agus reáchtáil an Tionóil. Rinneamar machnamh leanúnach ar conas a d'fhéadfaí a chinntiú go gcuirfeadh an próiseas ar a gcumas do pháistí agus daoine óga ó chúlraí éagsúla agus in aoiseanna éagsúla a bheith páirteach ann ar bhealaí fiúntacha éagsúla, agus muid ag féachaint chuige an tráth céanna go mbraithfeadh na páistí agus na daoine óga go léir go rabhadar slán sábháilte, sona agus go raibh tacaíocht ar fáil dóibh.

Na tuairimí agus na smaointe a bhí ag ár gComhairleoirí Óga maidir le leagan amach an Tionóil, bhí siad ríthábhachtach ionas go bhféadfadh foireann an tionscadail cur chuige a bhí bunaithe ar chearta an linbh a chur i bhfeidhm mar bhonn taca don tionscadal. Leagadar béim ar an ngá a bhí lena chinntiú go mbainfí sult agus spraoi as deirí seachtaine an Tionóil, agus go mbeadh an deis ag na rannpháirtithe a bheith gníomhach, cruthaitheach. Chomh maith leis sin, d'fhorbraíodar cód iompair agus leideanna do na daoine fásta, inar leagadh béim ar na rudaí a chuideodh le páistí agus daoine óga a mhothú go raibh ról fiúntach acu, go raibh meas orthu agus go rabhthas ag éisteacht leo.



## Comhaontú an Ghrúpa

Conas a bheimid ag obair as lámha a chéile

| | |
|---|---|
| Cuideoimid le chéile agus tabharfaimid tacaíocht dá chéile | Beimid ag faire amach dá chéile |
| Beimid ag obair as lámha a chéile | Fáilteoimid roimh smaointe úra |
| Beidh meas againn ar smaointe agus tuairimí gach duine | Féachfaimid chuige go mothóimid go léir go bhfuil ról againn agus go bhfuiltear ag éisteacht linn |
| Tabharfaimid cluas éisteachta dá chéile | Beimid cineálta |
| Bainfimid triail as rudaí! | Tabharfaimid spreagadh dá chéile |
| Tabharfaimid a spás féin do gach duine | Ní thabharfaimid breithiúnas ar dhaoine eile |
| Ní bheimid ag bulaíocht ná ag magadh faoi dhaoine agus ní ghortóimid a chéile | Ní bheimid ag labhairt fad is atá duine eile ag caint |

Má bhraitheann tú nach bhfuiltear ag cloí le comhaontú an ghrúpa, labhair le Diarmuid nó Valery le do thoil.

Ag machnamh dóibh ar a n-eispéiris féin agus iad ag plé le saincheisteanna comhshaoil agus bithéagsúlachta, thug na Comhairleoirí Óga léargas luachmhar freisin ar conas féachaint chuige go dtacódh ár bpróiseas leis na páistí agus na daoine óga ionas go mbeidís ag aireachtáil dóchasach, cumasach. Is eol dúinn go bhfuil méadú ag teacht ar an imní a bhíonn ar pháistí agus daoine óga faoi chúrsaí comhshaoil, agus thuigeamar go bhféadfadh páistí agus daoine óga a bheith trína chéile nó buartha mar gheall ar an bplé faoi cheisteanna a bhaineann le cailliúint na bithéagsúlachta. Cé nach raibh an fhírinne lom faoin ngéarchéim bhithéagsúlachta á seachaint againn, ghlacamar bearta gníomhacha chun féachaint chuige go ndearnadh gníomhaíochtaí a dhearadh agus a éascú ar bhealach a bhí dírithe ar réitigh chomh fada agus ab fhéidir é, agus go raibh na páistí agus daoine óga in ann ábhair íogaire, dheacra a phlé i dtimpeallacht shábháilte ina raibh tacaíocht agus oiliúint ar fáil dóibh.

Ar deireadh, ceapadh ár gcur chuige chun tacú leis na páistí agus na daoine óga (idir Chomhairleoirí Óga agus bhaill Tionóil) ionas gurbh fhearr an tuiscint a bheadh acu ar a gcearta, sa chaoi is go mbeidís in ann dul i bhfeidhm ar dhaoine ábhartha ó thaobh na n-athruithe a bhraitheann siad atá ag teastáil ionas go mbeidh lán a gceart ag páistí agus daoine óga. Léirítear é sin san fhís, sna príomhtheachtaireachtaí agus sna glaonna chun gnímh a cheap na páistí agus na daoine óga iad féin.



# Ár nAistear

Tar éis don fhoireann tionscadail idirghlúine (cuibhreannas taighde daoine fásta ag obair i gcomhar leis na Comhairleoirí Óga) roinnt míonna a chaitheamh ag pleanáil agus ag dearadh ar a ndícheall, cuireadh ar bun an Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chaillíúint na Bithéagsúlachta i mí Dheireadh Fómhair 2022. Sa chuid seo, déanfaimid rianú ar amlíne an tionscadail ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna 2022, lena gcuimsítear earcú na mball Tionóil agus an obair a rinneadh i ndiaidh an Tionóil in éineacht le Tionól Náisiúnta na Saoránach faoi Chaillíúint na Bithéagsúlachta (tionól na ndaoine fásta), a bhí ar bun le linn na tréimhse céanna.


Meán Fómhair


## Roghnú na nBall Tionóil

I mí Mheán Fómhair 2022, tugadh cuireadh do pháistí agus daoine óga idir 7–17 mbliana d'aois ó gach cearn d'Éirinn a n-ainm a chlárú lena chur in iúl dúinn gur mhaith leo a bheith ina mBall den Tionól. Ba é an 18 Meán Fómhair an dáta deiridh le haghaidh iarratas. Fuarthas 510 léiriú spéise, ónar roghnaíodh 35 ball Tionóil trí phróiseas **samplála ionadaíoch srathaithe**.

***Conas a d'fheidhmigh an tsampláil ionadaíoch shrathaithe?***

Go leor de na próisis earcaíochta caighdeánacha a úsáidtear go ginearálta do thionóil daoine fásta (mar shampla, úsáid a bhaint as uimhreacha teileafóin nó seoltaí poist a roghnaítear go randamach), is deacair iad a chur i bhfeidhm i gcás páistí agus daoine óga. Mar sin féin, bhíomar ag iarraidh teacht leis na cleachtais roghnúcháin a bhíonn ag tionóil daoine fásta in Éirinn, a mhéad a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh. Agus sonraí ó Dhaonáireamh 20163 á n-úsáid againn, ghineamar an cion daonra cuí i leith sé cinn de thréithe (Inscne, Aois, Áit, Eitneachas, Míchumas agus Uirbeach-Tuaithe) agus d'úsáideamar algartam ríomhaire chun sampla randamach de 35 duine óg a roghnú as measc na n-iarratasóirí go léir (510 duine), agus iad miondealaithe de réir na dtréithe sin.




## Gníomhaíochtaí a dhearadh





## Fáilte chuig an Tionól

Chun fáilte a chur roimh na 35 ball den Tionól, d'eagraigh an fhoireann tionscadail cruinniú ar líne. Chuir gach duine aithne ar a chéile agus roghnaigh na cúig **Ghrúpa Teaghlaigh** sonóga dá gcuid foirne!



### *Cad is Grúpa Teaghlaigh ann?*

Cuireadh gach ball Tionóil i nGrúpa Teaghlaigh in éineacht le páistí eile a bhí ar comhaois leo, a bheag nó a mhór. Bhí sonóg ag gach Grúpa Teaghlaigh freisin agus is mór an cion a bhí acu orthu. Ba é cuspóir na nGrúpaí Teaghlaigh é a chur ar a gcumas do na páistí agus na daoine óga ceangal a chothú le daoine eile den aois chéanna, agus tacaíocht folláine a d'oir dá n-aois a bheith ar fáil dóibh le linn phróiseas an Tionóil. Ghlac ár gComhairleoirí Óga páirt sna grúpaí freisin, mar ghnáthbhaill seachas mar chomh-éascaitheoirí. Seiceáladh go rialta conas a bhí ag éirí leis na Grúpaí Teaghlaigh agus bhí gníomhaíochtaí neartaithe foirniúlachta ar siúl acu freisin le linn dhá dheireadh seachtaine an Tionóil.

## Aighneachtaí Oscailte

Thuigeamar go bhfágfadh an próiseas roghnúcháin randamach go mbeadh teorainn leis na deiseanna a bheadh ag páistí agus daoine óga eile a gcuid tuairimí a chur in iúl, agus mar sin thugamar cuireadh do gach páiste agus duine óg idir 0-17 mbliana d'aois ar fud na hÉireann a dtuairimí a smaointe a chur isteach chuig rannóg na nAighneachtaí Oscailte ar leathanach gréasáin an Tionóil. Tá tuilleadh eolais faoi na haighneachtaí a fuarthas ag cyp-biodiversity.ie.

Deireadh Fómhair

## Deireadh Seachtaine Tionóil 1

Bhí ár gcéad deireadh seachtaine Tionóil ar siúl in Ionad Athmhuintearais Ghleann Crí, Co. Chill Mhantáin ar an 8-9 Deireadh Fómhair 2022.



**Tuilleadh Eolais:**

Deireadh Seachtaine Tionóil 1

Imscrúduithe Neamhspleácha

Deireadh Seachtaine Tionóil 2

## Imscrúduithe Neamhspleácha

I rith dhá dheireadh seachtaine an Tionóil, cuireadh de chúram ar bhaill an Tionóil a n-imscrúdú neamhspleách féin a dhéanamh ina bpobail féin, agus iad ag baint úsáid as 'pacáiste misin' a chuir foireann an tionscadail le chéile.

## Deireadh Seachtaine Tionóil 2

Reáchtáladh an dara deireadh seachtaine Tionóil i dTeach agus Gairdíní Chill Airne, Co. Chiarraí ar an 22-23 Deireadh Fómhair 2022. Chuir baill an Tionóil a ráiteas físe, a gcuid príomhtheachtaireachtaí, agus a nglaonna chun gnímh faoi bhráid Malcolm Noonan T.D., an tAire Stáit um an Oidhreacht agus Athchóiriú Toghchánach.

Cliceáil anseo

Samhain

## Cur i láthair do Thionól na Saoránach faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta

Ar an 5 Samhain 2022, chuir seisear ball Tionóil cur síos ar a n-eispéireas féin faoi bhráid Thionól na Saoránach faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta i Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath, mar aon le ráiteas físe an Tionóil na príomhtheachtaireachtaí agus na glaonna chun gnímh. Cuireadh scannán ar taispeáint faoin Tionól Páistí agus Daoine Óga faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta.

Féach ar an bhfíseán





# Deireadh Seachtaine 1: Foghlaim agus Plé

Bhí céad deireadh seachtaine an Tionóil ar siúl in Ionad Athmhuintearais Ghleann Crí i gceantar álainn Chill Mhantáin ar an 8-9 Deireadh Fómhair 2022. Bhí an chéad deireadh seachtaine dírithe ar ligean do chách aithne a chur ar a chéile (bhí sceitimíní orainn, agus imní freisin!), agus ar na bunsmaointe a chur i láthair maidir le cearta an linbh agus an daonlathas machnamhach, an bhithéagsúlacht, agus na rudaí is cúis le cailliúint na bithéagsúlachta. Anseo thíos, tugaimid breac-chuntas ar gach ceann de na gníomhaíochtaí a bhí ar bun le linn an deireadh seachtaine.

## Seisiún 1: Cad iad Cearta an Linbh?

*Seisiún faoi stiúir an Dochtúra Aoife Daly (UCC), Katie Reid (tdh), agus Valery Molay (DCU)*

Sa seisiún seo, tugadh tacaíocht do bhaill an Tionóil maidir le féachaint ar an gceangal idir cearta an linbh, an bhithéagsúlacht, agus rannpháirtíocht i bpróiseas cinnteoireachta. Bhí sé tábhachtach go ndéanfadh baill an Tionóil a gcearta a fhiosrú agus a thuiscint sula dtabharfaidís faoi réimse na bithéagsúlachta, toisc gur bunghné dá rannpháirtíocht sa phróiseas iomlán a bhí i gceist leis sin.

D'fhoghlaim na baill Tionóil faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) agus faoi Shamhail Lundy, ina leagtar amach conas is féidir na cearta rannpháirtíochta atá ag páistí a bhaint amach ar bhealach fiúntach.[4]

Áiríodh leis an seisiún gníomhaíochtaí a forbraíodh leis na Comhairleoirí Óga:


- Chabhraigh 'biongó daoine' leis na baill Tionóil an ceangal a aithint idir airteagail éagsúla atá sa Choinbhinsiún um Chearta an Linbh agus a ngnáthshaol féin.
- Le cluiche 'Aontaím agus Easaontaím', bhí an deis ag na baill Tionóil plé a dhéanamh faoina gcuid smaointe maidir le conas rannpháirtíocht fhiúntach a bheith ag páistí agus daoine óga sa chinnteoireacht.



Aontaím agus Ní Aontaím

"Maidir le cearta an linbh, sílim nach díreach éisteacht a bheith ag páistí atá i gceist leo. Sílim gur gá caitheamh go dáiríre le páistí freisin."

Ball Tionóil




Samhail Lundy

## Seisiún 2: Cad is Cailliúint na Bithéagsúlachta ann?

*Seisiún faoi stiúir an Dochtúra Darren Clarke, an Dochtúra Jimmy O'Keeffe (DCU) agus Kate Harrington, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD)*

Chun tuiscint a chothú i measc na mball Tionóil, cuireadh ceist na bithéagsúlachta i láthair sa seisiún seo, agus béim á leagan ar a tábhacht agus a leochaileacht. Ag machnamh dóibh ar a gcuid foghlama, iarradh ar na baill Tionóil cur síos a dhéanamh, ina bhfocail féin, ar an tuiscint a bhí acu féin ar an mbithéagsúlacht:

"Grúpa ainmhithe agus plandaí a bhíonn ag obair le chéile in éiceachóras."

"Sílim go mbaineann an bhithéagsúlacht le plandaí agus ainmhithe agus leis an mbealach a gcaithimid leo. An fiadhúlra go léir agus gach rud beo ar domhan/sa dúlra, agus na gnáthóga ina gcónaíonn siad."

"Tá gach rud i gceist leis an mbithéagsúlacht. Is í an todhchaí í. Ní mór dúinn saol inbhuanaithe, lán bithéagsúlachta a chothú."

"Is éard atá i gceist leis an mbithéagsúlacht ná go bhfuil an domhan á roinnt ag na feithidí agus na hainmhithe agus na daoine agus nach mbeadh easpa acmhainní ar ghrúpa ar bith acu ná an iomarca acmhainní ag grúpa ar bith."

"Má imíonn ainmhí amháin as, is féidir leis sin dul i bhfeidhm ar an domhan ar fad."

–Tá an bhithéagsúlacht ina ceangal idir gach rud beo. Tá gach rud beo i gceist léi, bíodh an mac tíre i gceist nó ribe bídeach féir."

"Tá an saol mar a bheadh míreanna mearaí ann. Má bhíonn píosa amháin ar iarraidh, titeann an chuid eile as a chéile."

Mar chuid lárnach den seisiún seo pléadh na naisc iomadúla atá idir an t-imshaol agus timpeallachtaí an duine. Dhírigh éascaitheoirí an tseisiúin aird air sin le samplaí den chaoi, in Imchuach an Chongó, a nglanann eilifintí stráicí foraoise ina gcaitheann an traonach – éan imirceach a thugann cuairt ar Éirinn – an geimhreadh. Díríodh sa seisiún freisin ar an iliomad gnáthóg éagsúil atá in Éirinn, idir phortaigh, choillearnacha agus dobharlaigh, agus ar an gcaoi a mbíonn cuid mhaith den bhithéagsúlacht i bhfolach orainn. Le gníomhaíochtaí an tseisiúin, leagadh béim ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag daoine ar speicis agus ar chailliúint na bithéagsúlachta, agus cailliúint gnáthóg, truailliú, speicis ionracha, róshaothrú agus an t-athrú aeráide san áireamh.

Cé nárbh eol do chuid mhaith baill Tionóil na téarmaí eolaíocha chun cur síos a dhéanamh ar chailliúint na bithéagsúlachta, bhí a bhformhór in ann tuiscint bhunúsach a léiriú go bhfuil a lán plandaí, ainmhithe agus speiceas eile, agus a ngnáthóga, i mbaol. De réir mar a lean na babhtaí plé ar aghaidh, léirigh go leor daoine tuiscint shoiléir ar an nasc idir gníomhaíochtaí an duine agus an bhail atá ar ár n-éiceachórais faoi láthair. Labhair a lán baill Tionóil freisin faoin mbithéagsúlacht a bheith riachtanach ionas gur féidir le daoine maireachtáil:

"Tugann an bhithéagsúlacht beatha dúinn agus coinníonn sí beo muid."

"Mura mbeadh bithéagsúlacht againn, bheimis go léir imithe."

"Is ón dúlra a fhaighimid bia, ocsaigin, ithir thorthúil, amhábhair, gnáthóga don fhiadhúlra agus linnte carbóin."

Ina mbabhtaí plé, thug go leor baill Tionóil chun suntais nach mór dúinn ár n-éiceachóras a choinneáil folláin má táimid chun tairbhe a bhaint as an dúlra.

Mheas formhór na mball Tionóil gur fadhb dhomhanda í an bhithéagsúlacht. Sna babhtaí plé, rinne roinnt daoine tagairt do chásanna inar tharla cailliúint bithéagsúlachta in Éirinn agus in áiteanna eile ar domhan. Ba léir gur shíl go leor baill Tionóil go bhfuil sé tábhachtach an bhithéagsúlacht a athchóiriú, ní hamháin toisc go dtéann sí i bhfeidhm ar dhaoine, ach toisc gur nithe beo iad plandaí agus ainmhithe agus go bhfuil cosaint ag gabháil dóibh dá réir.



## Seisiún 3: Siúlóid Dúlra

*Faoi stiúir Andrea Webb agus Olivia Carrington (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)*

Ar an gcaoi chéanna is a chothaítear bá idir daoine trína gcuid idirghníomhaíochtaí, tá sé léirithe go spreagann tréimhse sa dúlra cineálacha iompraíochta lena gcosnaítear an comhshaol[5]. Bhí sé d'ádh orainn aimsir álainn fómhair a bheith ann an chéad lá, rud a thug an deis dúinn dul amach chun an bhithéagsúlacht an-saibhir atá ar leac an dorais againn a fheiceáil agus foghlaim fúithi. Chaith na baill Tionóil an tráthnóna ag dul thart ar anaclann dúlra Choill Chnoc Sinche ar shiúlóid threoraithe agus tóraíocht taisce.

"Ba é an siúlóid dúlra an chuid arbh fhearr liom den deireadh seachtaine. Chonaiceamar a lán cineálacha fungais, crainn éagsúla agus caora ag fás ar na toim. Bhí sé chomh deas a fheiceáil cé mhéad speiceas atá san fhoraois."





"Bhí an tsiúlóid dúlra go hiontach. Bhíomar ag spraoi le duilleoga agus rinneamar a lán cluichí ar bhaineamar an-spórt astu."

"Thaitin an siúlóid dúlra go mór liom mar go raibh an deis againn dul amach ag siúl agus an dúlra thart timpeall orainn. D'fhoghlaim mé an t-uafás faoin mbithéagsúlacht sa cheantar."



## Seisiún 4: Cad iad na Cúig Rud a Spreagann Cailliúint na Bithéagsúlachta?

*Grúpa Téamacha á n-éascú ag Valery Molay (DCU), an Dr Jimmy O'Keeffe (DCU), an Dr Darren Clarke (DCU), an Dr Diarmuid Torney (DCU), an Dr Ben Mallon (DCU), Rowan Oberman (DCU), Kate Harrington (TCD), Martina O'Brien (An tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta).*

### Cad is Grúpa Téamach ann?

Is furasta a cheapadh gur réimse scanrúil, casta is ea an bhithéagsúlacht le fiosrú toisc go mbaineann sí leis an éagsúlacht mhór dúile beo atá againn ar domhan. Lena chinntiú nár mhothaigh baill Tionóil go raibh ábhar ró-fhairsing sa mhullach orthu, cuireadh na páistí agus na daoine óga i gceann de chúig **Ghrúpa Théamacha**. Bhí gach Grúpa Téamach ag díriú ar phríomhrud a spreagann an chailliúint bithéagsúlachta, mar atá sainithe ag an Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES)[6]: **cailliúint gnáthóg, an t-athrú aeráide, speicis ionracha, róshaothrú agus truailliú**. Murab ionann agus na Grúpaí Teaghlaigh, páistí agus daoine óga in aoiseanna éagsúla a bhí sna Grúpaí Téamacha.

Cuireadh de chúram ar gach grúpa iniúchadh a dhéanamh ar an nasc idir an spreagthóir a sannadh dóibh agus cailliúint na bithéagsúlachta. Trí mheán gníomhaíochtaí agus acmhainní rannpháirtíochta cruthaitheacha, éagsúla, threoraigh éascaitheoirí ón bhfoireann tionscadail na baill Tionóil ionas go dtiocfaidís ar thuiscint níos fearr ar an spreagthóir agus ar an tionchar a bhíonn aige ar an dúlra. Spreagadh na baill Tionóil chun féachaint ar fhadhbanna agus réitigh a bhain lena dtéama.

### Cailliúint Gnáthóg

Bhíomar ag féachaint ar ghnáthóga éagsúla agus conas is féidir iad a scrios. Bhreathnaíomar ar fhíseán faoi na fáthanna nár cheart dúinn na crainn sna foraoisí a leagan. Bhí físeáin eile ann freisin faoi gan ró-iascaireacht a dhéanamh.

Ball Tionóil, 7 mbliana d'aois





### An tAthrú Aeráide


Inár ngrúpa féin, d'fhoghlaimíomar nach féidir an t-athrú aeráide a scaradh ó chailliúint na bithéagsúlachta agus ón truailliú. Is í an t-aon fhadhb amháin iad. D'imríomar cluiche le hairgead ón gcluiche Monopoly agus bhí orainn go léir airgead a íoc le gnólachtaí éagsúla a cheapamar a chuideodh teacht ar réiteach ar ghéarchéim na bithéagsúlachta.

Ball Tionóil, 13 bliana d'aois

### Speicis Ionracha

Ar speicis ionracha a d'fhéach mo ghrúpa féin. Is speicis iad sin nach bhfuil ceaptha a bheith ina gcuid den bhithéagsúlacht i gceantar ar leith ach is ann dóibh mar sin féin agus cuireann siad faoi deara go gcliseann ar an mbithéagsúlacht. Sampla de sin is ea an raithneach uisce. Is planda é a thagann ó Mheiriceá Thuaidh agus Meiriceá Theas ach tá sé ar fud na hÉireann anois agus ídíonn sé ocsaigin san uisce, rud a dhéanann dochar do na héisc agus a choinníonn solas na gréine ó na plandaí uisceacha go léir. Sílim gur olc an rud é go dtugann daoine isteach speicis nár cheart a bheith anseo, fiú más rud é nach d'aon turas a dhéanann siad é sin.

Ball Tionóil, 11 bhliain d'aois





## Róshaothrú

Bhí an deis againn foghlaim faoin róshaothrú trí chluiche iascairí a imirt. Tugadh naipcín dúinn a bheadh ina bhád againn agus pónairí glóthaí de dhathanna éagsúla chun cineálacha éagsúla iasc a léiriú. An chéad uair a ligeadh amach ag iascaireacht muid, bhíomar ró-shantach agus níor fhágamar ach aon iasc amháin san uisce. Ní dhearna sé sin aon mhaith don dúlra. Mar sin d'imríomar an cluiche arís agus an uair seo d'fhoghlaimíomar éisc a fhágáil inár ndiaidh ionas go bhféadfaimis dul ag iascaireacht arís an bhliain dár gcionn. Fiú chuireamar cosc ar iascaireacht ar feadh bliana, ach ba é an rud ab fhearr faoin gcluiche ná gur ligeadh dúinn na pónairí glóthaí a ithe nuair a bhí sé thart.

Ball Tionóil, 10 mbliana d'aois





## Truailliú

Bhreathnaigh mo ghrúpa féin ar fhadhb an truaillithe. Tharraingíomar léarscáil dár gceantair agus bhí orainn cineálacha éagsúla truaillithe a cheapaimid atá inár gceantair a léiriú uirthi. Rinneamar colláis de na léarscáileanna ar fad agus labhraíomar faoi fhoinse na gcineálacha éagsúla truaillithe agus faoin tionchar a bhíonn acu ar an mbithéagsúlacht.

Ball Tionóil, 17 mbliana d'aois





# Imscrúduithe Neamhspleácha

Tar éis deireadh seachtaine a chaitheamh ag foghlaim faoi chailliúint na bithéagsúlachta in Éirinn agus faoin gceangal idir sin agus an domhan mór, bhí sé in am ag na baill Tionóil breathnú ar an mbithéagsúlacht ina bpobail áitiúla. Ar feadh na coicíse idir dhá dheireadh seachtaine an Tionóil, chuaigh gach ball Tionóil i mbun imscrúdú neamhspleách chun teacht ar thuiscint níos fearr ar an gcuma atá ar chailliúint na bithéagsúlachta ina bpobal féin, agus ar an gcaoi a dtéann sé sin i bhfeidhm ar mhuintir na háite.

Tugadh cuireadh do na baill Tionóil léarscáil a tharraingt ina n-insítear scéal na bithéagsúlachta ina bpobal. Spreagadh iad freisin chun agallamh a chur ar **dhuine muinteartha leo nó ar mhúinteoir** faoina dtuairimí faoi chailliúint na bithéagsúlachta.

Ag an gcéad chuid den dara deireadh seachtaine Tionóil, chuir na baill Tionóil a gcuid torthaí in iúl don mhórghrúpa. Rinne roinnt páistí agus daoine óga machnamh ar an tábhacht agus an luach a bhaineann le scéalta a roinnt le glúnta níos sine ina bpobail. Mar shampla, dúirt roinnt baill Tionóil nár thuig siad an t-athrú mór a bhí tarlaithe le himeacht ama go dtí gur labhair siad le duine cuid mhaith níos sine ná iad, cé go raibh a fhios acu go raibh roinnt plandaí agus éan imithe óna gceantar féin.



# Deireadh Seachtaine 2: Glaonna chun Gnímh a Fhorbairt

I bPáirc Náisiúnta Chill Airne, Co. Chiarraí, áit fhíor-álainn, a bhí an dara cruinniú deireadh seachtaine. Ag tógáil ar an méid a clúdaíodh an chéad deireadh seachtaine agus le linn na n-imscrúduithe neamhspleácha, díríodh le linn an dara deireadh seachtaine ar thacú leis na baill Tionóil dul i mbun idirphlé maidir leis an méid a bhí foghlamtha acu ón deireadh seachtaine roimhe sin, agus a bhfís chomhchoiteann agus glaonna chun gnímh a fhorbairt. Ar an lá deiridh, chuir na baill Tionóil a nglaonna chun gnímh faoi bhráid Malcolm Noonan T.D., An tAire Stáit um an Oidhreacht agus Athchóiriú Toghchánach.



## Seisiún 1: Cén tionchar a bhíonn ag Cailliúint na Bithéagsúlachta ar Dhaoine Éagsúla?

*Grúpa Téamacha á n-éascú ag Valery Molay (DCU), an Dr Jimmy O'Keeffe, an Dr Darren Clarke (DCU), an Dr Diarmuid Torney (DCU), an Dr Ben Mallon (DCU), Rowan Oberman (DCU), Kate Harrington (TCD), Martina O'Brien (An tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta)*

Tar éis dóibh machnamh a dhéanamh ar na torthaí ó na himscrúduithe neamhspleácha, chaith na baill Tionóil an mhaidin ag plé conas a théann cailliúint na bithéagsúlachta i bhfeidhm ar shaol daoine ar bhealaí an-difriúil, agus ag caint faoi na meonta éagsúla atá le cur san áireamh agus réitigh á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm.

Ina nGrúpaí Téamacha, tugadh cás samplach do na baill Tionóil a bhain le forbraíocht tithíochta a bhí beartaithe i mbaile bréige in Éirinn darb ainm an Baile Deas. Tar éis dóibh an scéal a léamh amach, tugadh cárta do gach ball Tionóil a raibh carachtar ficseanúil air – duine den phobal nó páirtí leasmhar. I measc na gcarachtar bhí muintir na háite, feirmeoirí, comhairleoirí áitiúla, forbróirí, baill de ghrúpaí áitiúla éiceolaíochta, páistí agus daoine óga, agus teaghlaigh.

Agus iad á spreagadh ag modheolaíochtaí rannpháirtíochta ar nós drámaíocht rannpháirtíoch agus rólghlacadh, iarradh ar na baill Tionóil meonta éagsúla i leith na saincheiste a mheas trína shamhlú gur duine de na carachtair iad féin agus cruinniú de mhuintir an bhaile a reáchtáil chun déileáil leis an gcás samplach a tugadh dóibh.




Ag tógáil ar phlé roimhe seo faoi chearta an duine agus faoi chearta an dúlra, spreag an ghníomhaíocht sin an-chuid comhrá faoi chothroime. Chuir na baill Tionóil béim ar an gcaoi a bhféadfadh cúnamh a bheith ag teastáil ó dhaoine áirithe chun athruithe a dhéanamh a bheidh chun leas na bithéagsúlachta, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil a slite beatha ceangailte go díreach leis an talamh agus leis an bhfarraige atá thart orainn. Spreag an méid sin tuilleadh plé faoi na deacrachtaí a bhaineann le cinntí a dhéanamh chun an dúlra a chosaint agus freastal ar riachtanais an phobail ag an am céanna.



### An Cás Samplach

Tá daonra 20,000 duine sa Bhaile Deas agus is ar an Abhainn Álainn atá sé. Tá sé beartaithe eastát tithíochta nua a thógáil ina mbeadh 40 teach nua. Tithíocht shóisialta a bheidh i gceist le leath na dtithe san eastát nua, agus go leor acu curtha in áirithe do theaghlaigh a bhí ag cur fúthu i gcóiríocht shealadach. Beidh pointí luchtaithe do charr leictreach ar fáil dóibh siúd a chónóidh ann.

Beidh clós spraoi do pháistí san ionad freisin, rud a bhfuil éileamh á dhéanamh ag go leor daoine air mar nach bhfuil mórán áiteanna spraoi ar an mbaile.


Chun an t-eastát a thógáil, ní mór stráice den Abhainn Álainn a dhíriú agus balla coincréite a thógáil ar chuid amháin den bhruach. Tá go leor gnólachtaí áitiúla sásta leis an bhforbairt seo mar go mbeidh níos mó roghanna cóiríochta ar fáil dá bhfostaithe (na daoine a bhíonn ag obair dóibh). Tá an chuid is mó de na comhairleoirí (lucht cinnteoireachta na háite) sásta mar go bhfágfaidh an fhorbairt gur mó an méid tithíochta agus post a bheidh ann do dhaoine sa cheantar.

Tá imní ar éiceolaithe agus ar an ngrúpa a choinníonn limistéar na habhann glan go gcuirfidh díriú na habhann isteach ar phórú bradán, rud a mbeidh an-tionchar aige ar an gcuid eile den bhithéagsúlacht san abhainn. Tá imní ar fheirmeoirí ar leo talamh thíos le sruth go mbeidh sé ina thoradh ar an bhforbairt gur minice a tharlóidh tuilte ar an talamh.

## Seisiún 2: Cad iad Dlíthe agus Beartais, agus Conas is Féidir Linn dul i bhfeidhm ar an Athrú?

*Diarmuid Torney (DCU), Aoife Deane agus an Dr Clodagh Harris (UCC)*

Rinneadh cur i láthair do na baill ansin faoi chomhthéacs dlí agus beartais na hÉireann. I gceist leis sin bhí forléargas ar chineálacha éagsúla beartas, agus ar bheartais a bhaineann leis an mbithéagsúlacht atá i bhfeidhm faoi láthair ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus domhanda. Ar deireadh, tugadh forléargas do na baill Tionóil ar na cúiseanna a bhféadfadh sé nach bhfuil ag éirí le beartais i leith na bithéagsúlachta.




Chuir an grúpa an-spéis sa choincheap 'mealladh agus bagairt' maidir le déanamh beartais. Bhí na baill Tionóil tógtha le dreasachtaí mar phríomhghné chun tacú leis na pobail ina n-iarracht an bhithéagsúlacht a chosaint ach mheas roinnt de na baill nach mbíonn dreasachtaí an-úsáideach i gcás gnólachtaí nó corparáidí. Ina n-áit sin, labhair siad faoin ngá atá le pionós níos déine nuair a bhíonn na rialacha seasta á mbriseadh ag gnólachtaí agus corparáidí.




Ag filleadh dóibh ar 'Samhail Lundy' a cuireadh i láthair ag an gcéad deireadh seachtaine i gCill Mhantáin, phléigh na baill Tionóil cé na daoine a chaithfeadh a gcuid glaonna chun gnímh a chloisteáil (a lucht éisteachta). Rinne siad iniúchadh freisin ar conas a d'fhéadfaidís athrú a bhaint amach trí dhaoine a chur ar an eolas faoin ngéarchéim bhithéagsúlachta, a chur ina luí orthu gur gá gníomhú láithreach, cur le neart a nglaonna chun gnímh, agus iad siúd a bhfuil cumhacht acu a choinneáil cuntasach as a ngníomhaíocht nó as a n-easpa gníomhaíochta maidir le cailliúint na bithéagsúlachta.

Bhí suim ar leith ag na baill Tionóil i bplé a dhéanamh faoin mbealach is fearr chun feasacht a spreagadh ar chailliúint na bithéagsúlachta, agus conas a d'fhéadfaí tacú leis sin le beartais. Rinne go leor baill Tionóil cur síos ar an easpa oideachais faoin mbithéagsúlacht i scoileanna agus i bpobail faoi láthair. Arís agus arís eile i rith an tseisiúin, phléigh na baill Tionóil an gá atá le bealaí níos cruthaithí, níos nuálaí agus níos spraíúla do dhaoine de gach aois chun foghlaim faoin mbithéagsúlacht.

Luaigh na baill Tionóil cé na daoine ar mhaith leo a thabharfadh aird ar a nglaonna chun gnímh. Labhair siad faoi dhul i bhfeidhm ar lucht éisteachta ilghnéitheach – óna dteaghlach agus a bpobal áitiúil go heagraíochtaí domhanda. I measc na moltaí bhí gnólachtaí agus scoileanna an cheantair agus clubanna spóirt. Mar sin féin, ainmníodh an rialtas agus an Tionól Saoránach faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta (tionól na ndaoine fásta) mar lucht éisteachta tosaíochta.

"Tá sé tábhachtach teacht a bheith ag daoine óga ar oideachas le haghaidh gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh ar shaincheisteanna ar nós na bithéagsúlachta, agus oideachas faoin mórphictiúr san áireamh mar shampla, léargas ar na gnéithe eacnamaíocha agus ar na nithe is cúis leis na géarchéimeanna éiceolaíochta."

Young Advisor, age 15









## Seisiún 3: Buneolas i dtaobh Thionól na Saoránach faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta

*Art O'Leary (Rúnaí Thionól na Saoránach faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta)*


Tar éis an tseisiúin ar an dlí, ar bheartas agus ar conas glaonna chun gnímh a dhéanamh, thug Art O'Leary, rúnaí an Tionóil Saoránach faoi Chailliúint na Bithéagsúlachta, forléargas ar an obair a bhí ar bun aige. Mhínigh sé gurbh iad na cúiseanna imní céanna a bhí ag dul i bhfeidhm ar na daoine fásta sa Tionól Saoránach um Chailliúint na Bithéagsúlachta agus a bhí ar na daoine óga, agus gur ábhair agus téamaí den sórt céanna a bhí á bplé acu. Leag sé béim air freisin go raibh na daoine fásta a bhí páirteach sa phróiseas ag tnúth le cloisteáil ó na páistí agus ó na daoine óga, agus thug sé cuireadh do na páistí agus na daoine óga a gcuid glaonna chun gnímh a chur i láthair an tionóil daoine fásta ag a chéad chruinniú eile i Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath, ar an 5 Samhain 2022.

## Seisiún 4: Glaonna chun Gnímh a Fhorbairt

Chun tosú ag forbairt a gcuid glaonna chun gnímh, tugadh cuireadh do na baill Tionóil ar dtús smaoineamh ar a bhfís i gcomhair thodhchaí na hÉireann.

Agus iad á dtreorú ag a bhfís, bhailigh na baill Tionóil le chéile ina nGrúpaí Téamacha chun glaonna chun gnímh a cheapadh.

Ar fud na gcúig Ghrúpa Théamacha (***cailliúint gnáthóg, an t-athrú aeráide, speicis ionracha, róshaothrú agus truailliú***), cheap na baill Tionóil níos mó ná 100 glao chun gnímh. I gcás cuid de na glaonna sin, luaigh grúpaí éagsúla iad arís agus arís eile. Ag deireadh an chéad lae, bhailigh an fhoireann tionscadail na ráitis físe agus na glaonna chun gnímh ó na cúig ghrúpa agus rinne siad athbhreithniú orthu.



Agus na glaonna chun gnímh á gcur le chéile acu, thug an fhoireann tionscadail faoi deara go raibh smaointe agus teachtaireachtaí bunaithe ar luachanna seasta á lua ag na baill Tionóil.

Ar an mhaidin deiridh, chuir an fhoireann tionscadail an dréachtfhís, na príomhtheachtaireachtaí agus na dréachtghlaonna chun gnímh i láthair na mball Tionóil agus cuireadh spás ar fáil do na páistí agus na daoine óga chun athbhreithniú agus beachtú a dhéanamh ar na smaointe bunaithe ar luachanna agus ar an téacs deiridh, agus chun teacht ar chomhaontú fúthu.

Ba é bhuaicphointe an phróisis sin ná fís deiridh an Tionóil, 6 phríomhtheachtaireacht, agus 58 glao chun gnímh a bhí eagraithe faoi 7 dtéama.

7 dTéama

- Oideachas agus Spreagadh Feasachta
- Dramhaíl agus Tomhaltas
- Rialachas
- Fuinneamh agus Iompar
- Athchóiriú agus Filleadh ar an bhFiántas
- Cosaint Gnáthóg agus Speiceas
- Róshaothrú







# Glaonna chun Gnímh

Ár bhFís

Is é an fhís is bun leis an Tionól ná go mbeidh aird agus meas ag muintir na hÉireann ar chearta an dúlra (agus a chéile), go ndéanfar an bhithéagsúlacht a athchóiriú agus a chosaint agus go mbeimid ag maireachtáil agus ag fás aníos i dtimpeallachtaí atá sláintiúil, glan agus ina gcaitear go cothrom le gach uile dhuine.

6 Phríomhtheachtaireacht

1 Ní mór dúinn caitheamh leis an domhan amhail is gur duine den teaghlach nó cara linn é.

2 Ní mór do na glúnta atá le teacht maireachtáil i ndomhan nach bhfuil géarchéim bhithéagsúlachta ag tarlú ann, agus níor cheart go mbeadh ar pháistí amach anseo beart a dhéanamh mar gheall nach raibh an dream a tháinig rompu in ann an fhadhb a réiteach.

3 Ní mór an bhithéagsúlacht a chur san áireamh i ngach cinneadh a dhéanfar.

4 Ní mór páistí agus daoine óga a bheith san áireamh sna cinntí atá á ndéanamh faoin mbithéagsúlacht.

5 Ní mór dúinn go léir a bheith freagrach as an mbithéagsúlacht a chosaint, agus ní mór do mhuintir an domhain a bheith ag obair as lámha a chéile chun é sin a dhéanamh.

6 Ní mór dúinn acmhainní a ídiú ar bhealach inbhuanaithe, measartha agus muid ag féachaint chuige nach ndéanfar dochar don chomhshaol, don bhithéagsúlacht ná dár gcearta, ár bhfolláine agus ár slite beatha féin.

58 gníomh ar an gcéad leathanach eile



# Oideachas agus Spreagadh Feasachta

Oideachas a chur ar pháistí, ar dhaoine óga agus ar dhaoine fásta a spreagfaidh feasacht agus a chuideoidh leo teacht ar thuiscint ar chailliúint na bithéagsúlachta, ar an toradh a bheidh ar ár ngníomhartha, agus ar na rudaí is féidir linn a dhéanamh chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo.

1. Oideachas faoin mbithéagsúlacht agus faoin aeráid a bheith éigeantach do pháistí agus do dhaoine óga ar gach leibhéal. I gceist leis sin bheadh foghlaim faoi na rudaí seo a leanas:
   - Cailliúint na bithéagsúlachta agus an t-athrú aeráide
   - Speicis ionracha
   - Cailliúint gnáthóg
   - Eacnamaíocht agus polaitíocht e.g. geilleagar ciorclach, samhail 'taoschnó' i leith na heacnamaíochta
   - Scileanna ar nós fuála (éadaí a dheisiú) agus glasraí a fhás
   - Ródhaonra, róchaiteachas agus róshaothrú
   - Cosaint speiceas
2. Oideachas faoin mbithéagsúlacht a chur ar fáil lasmuigh de na scoileanna (i.e. foghlaim i measc an phobail, ar an teilifís, na meáin shóisialta, cartúin, cláir ghrinn, podchraoltaí) do dhaoine de gach aois.
3. Maoiniú a chur ar fáil do ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta pobail don bhithéagsúlacht ionas gur féidir le daoine foghlaim, smaointe a roinnt agus daoine eile a spreagadh chun gnímh.
4. Oideachas a chur ar fheirmeoirí maidir le conas a bheith i mbun oibre ar bhealach a chosnaíonn agus a athchóiríonn an bhithéagsúlacht, agus modhanna éagsúla feirmeoireachta a spreagadh (feirmeoireacht éagsúlaithe, mar shampla, agus feirmeoireacht gan aon mhonashaothrú).
5. Cabhrú le feirmeoirí a bheith ina gceannairí pobail chun feirmeoirí eile a chur ar an eolas agus a spreagadh i dtaobh athruithe a chur i bhfeidhm atá ag teastáil chun meas a léiriú ar an mbithéagsúlacht agus í a chosaint agus a athchóiriú.
6. Féachaint chuige go ndéanann lucht na meán an clúdach céanna ar nuacht faoi chúrsaí bithéagsúlachta is a dhéanann siad ar nuacht faoi chúrsaí eacnamaíocha agus cúrsaí gnó. Sonraí agus uimhreacha a lua sna meáin (cosúil leis an tuairisciú a rinneadh ar phaindéim COVID-19) agus gan léiriú chomh diúltach a dhéanamh ar ainmhithe (siorcanna, mar shampla).






# Rialachas

An bhithéagsúlacht agus cearta an dúlra a bheith i gcroílár na gcinntí a dhéanaimid.

7. Agus gach cinneadh á dhéanamh, ní mór an bhithéagsúlacht agus cearta an dúlra a chur san áireamh.
8. Páistí agus daoine óga a bheith páirteach sa chinnteoireacht ionas go mbeidh deis ag níos mó páistí agus daoine óga labhairt faoi athrú aeráide agus faoin mbithéagsúlacht.
9. Na dlíthe atá ann faoi láthair maidir le cosaint an chomhshaoil a fhorfheidhmiú trí bhreis airgid a chaitheamh ar an bhforfheidhmiú (toisc nár éirigh leis na dreasachtaí atá ann faoi láthair).
10. Féachaint chuige go bhfuil rialacháin ag gnólachtaí agus tionscail ionas gur ar bhealaí atá báúil don chomhshaol a bheidh siad ag obair
11. Dreasachtaí a thabhairt do dhaoine lena chur ina luí orthu gur cheart dóibh athruithe a dhéanamh, go háirithe feirmeoirí, lucht gnó agus cuideachtaí.
12. Praghsanna níos ísle a ghearradh ar rudaí atá ag teastáil uainn i ndáiríre agus praghsanna níos airde a ghearradh ar rudaí ar mhaith linn ach nach bhfuil ag teastáil uainn.
13. Cáin a ghearradh ar obair thógála i limistéir atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de (i.e. ba chóir go mbeadh sé níos costasaí forbairt/obair thógála a dhéanamh i limistéir ina bhfuil saibhreas bithéagsúlachta).
14. Infheistíocht a dhéanamh in iarrachtaí caomhnaithe, i gcosaint speiceas agus i bhfeachtais chomhshaoil, agus maoiniú a thabhairt do charthanais a bhíonn ag plé le cúrsaí comhshaoil.
15. Tionól buan do Pháistí agus Daoine Óga maidir le Cailliúint na Bithéagsúlachta a chur ar bun, agus a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na Glaonna chun Gnímh ón Tionól seo agus nach ligfear i ndearmad iad.



## Fuinneamh agus Iompar

Córais fuinnimh agus iompair a bhunú a chuireann srian lenár dtionchar ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht, agus deiseanna a thapú a oiread is féidir chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú.

16 Féachaint chuige go mbeidh fuinneamh na hÉireann glas mar seo a leanas:

- Fáil réidh le cineálacha neamh-inathnuaite fuinnimh (i.e. cosc a chur ar ghual, móin agus ola)
- Infheistiú sa taighde ar fhoinsí, teicneolaíochtaí agus gineadóirí nua fuinnimh ghlais
- Tuilleadh tuirbíní gaoithe a chur in airde – ba chóir tuirbín gaoithe a bheith ag gach teach!
- Fuinneamh cinéiteach a úsáid in áiteanna gnóthacha chun freastal ar riachtanais leictreachais an cheantair. Mar shampla, d'fhéadfadh an fuinneamh cinéiteach a ghintear ó dhaoine ag siúl agus feithiclí ag tiomáint i mbailte agus i gcathracha leictreachas a sholáthar do thithe agus do ghnólachtaí
- Tacaíocht agus maoiniú a chur ar fáil do dhaoine chun painéil ghréine a shuiteáil ar a dteach.

17 Feabhas a chur ar sheirbhísí iompair phoiblí ionas go mbeidís sách maith le go mbeidís ina gcéad rogha ag daoine. Bheadh sé i gceist leis sin:


- Praghas na seirbhísí iompair phoiblí a laghdú
- Gréasáin tramanna agus traenacha a leathnú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath
- Tramanna agus traenacha a chur in ionad codanna den ghréasán bóithre atá ann cheana, agus an fiántas a thabhairt ar ais i mbóithre nach bhfuil feidhm leo a thuilleadh
- A spreagadh nach mbeadh ach carr amháin ag gach teaghlach
- Daoine a spreagadh le carranna a roinnt

18 An úsáid a bhaintear as breoslaí iontaise a laghdú agus astaíochtaí CO2 a laghdú trí:

- Stop a chur le táirgeadh carranna nua díosail agus peitril agus é a fhágáil níos costasaí na carranna díosail agus peitril atá ann cheana féin a dhíol
- Díol agus úsáid carranna leictreachais ar phraghas réasúnta a spreagadh
- Tuilleadh lánaí rothair agus cosán a thógáil
- Líon na stáisiún peitril agus na monarchana a úsáideann breoslaí iontaise a laghdú

19 An gá atá le mianadóireacht a laghdú trí fheabhas a chur ar athchúrsáil agus ar athúsáid ábhar (cadhnraí ó charranna leictreacha, mar shampla) ionas nach scriosfar gnáthóga agus an comhshaol.





## Dramhaíl agus Tomhaltas

Srian a chur ar an tionchar a bhíonn ag na rudaí a cheannaímid agus a úsáidimid ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht. Tacú le bealaí maireachtála inbhuanaithe nach gcuireann le cailliúint na bithéagsúlachta, agus cuidiú an bhithéagsúlacht a chur chun cinn.

20 Cosc a chur ar phlaisteach aonúsáide.

21 Iallach a chur ar shiopaí agus ar ghnólachtaí a gcuid dramhaíola a thógáil ar ais agus a dhiúscairt i gceart de réir an dlí.

22 Stáisiúin athlíonta a chruthú ar fud na hÉireann (i.e. siopaí athlíonta/éicea-shiopaí le haghaidh bia agus táirgí eile).

23 Dramhaíl éadaí agus mear-fhaisean a laghdú.

24 Córais athchúrsála níos sonraithe a bhunú.

25 Stop a chur le truailliú ó shéarachas.

26 Stop a chur le truailliú gach uisce (aibhneacha, lochanna, aigéin).

27 An méid feola a itheann daoine a laghdú mar seo a leanas:

- Cáin a ghearradh ar fheoil
- Stop a chur le marú ainmhithe mura bhfuil géarghá leis
- Níos mó feirmeacha a chur ar bun chun glasraí a fhás seachas chun ainmhithe a bheathú

28 Daoine a spreagadh chun níos mó glasraí a fhás dóibh féin.

29 Daoine a spreagadh chun tabhairt faoi aistí bia atá bunaithe ar phlandaí.

30 Cur amú bia a laghdú trí oideachas a chur ar dhaoine agus ar chuideachtaí faoi sin, agus dramhbhia a úsáid mar fhoinse fuinnimh.

31 Má tá tithe nua á dtógáil, cinn ilstóracha a thógáil seachas cinn a dteastaíonn a lán talún lena n-aghaidh. Seachas sin, úsáid a bhaint as an stoc tithíochta atá ann faoi láthair agus caoi a chur ar fhoirgnimh thréigthe ionas gur féidir le daoine cónaí iontu.

32 Bearta a dhéanamh ionas nach mbeidh sé chomh costasach maireachtáil ar bhealach inbhuanaithe agus go mbeidh tuilleadh daoine in ann é sin a dhéanamh.



# Athchóiriú agus Filleadh ar an bhFiántas

Timpeallachtaí a chuidíonn leis an mbithéagsúlacht a athchóiriú, sna bailte agus faoin tuath, an fiántas a chothú iontu arís agus páirceanna náisiúnta a fhorbairt in éineacht leis na daoine a d-fhéadfadh a bheith ag obair iontu.

33 Níos mó páirceanna náisiúnta, anaclanna dúlra, limistéir chosanta agus spásanna sábháilte a bhunú (idir spásanna príobháideacha agus spásanna poiblí) d'ainmhithe agus do ghnáthóga éagsúla mar seo a leanas:

- Tuilleadh beartas a cheapadh chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú
- Níos mó talún a leagan amach don bhithéagsúlacht
- Airgead a thairiscint do dhaoine chun spreagadh a thabhairt dóibh talamh príobháideach a iompú ina bpáirceanna náisiúnta
- Buntáistí a thabhairt d'úinéirí talún agus d'fheirmeoirí chun bithéagsúlacht a spreagadh ar a gcuid talún
- Na grúpaí bailte slachtmhara ar fad a bheith dírithe ar an mbithéagsúlacht seachas ar shlacht a bheith ar an mbaile

34 Speicis dhúchasacha a thabhairt ar ais, agus crainn, plandaí, bláthanna agus creachadóirí (an mac tíre, mar shampla) ina measc.

35 Tuilleadh spásanna glasa a bheith sna cathracha agus i gceantair uirbeacha.

36 Maoiniú a bheith ar fáil i gcomhair tuilleadh maoirseoirí, coimeádaithe foraoise agus poist ghlasa eile.

37 Airgead agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine a d'fhéadfadh a bpoist a chailleadh ionas go bhfaighidh siad poist ghlasa.

38 Agus foirgnimh nua á bhforbairt, gan cur isteach ar aibhneacha – a sruth nádúrtha a chosaint.

39 Na foraoisí a chur i réim arís in Éirinn! Gach uair a thagann duine ar an saol, ba chóir crann a chur agus ansin le himeacht ama beidh foraoisí móra againn a bheidh faoi chosaint i gcomhair an dúlra.

40 Gan an oiread crann a leagan agus ábhair nua a aimsiú in ionad páipéir.

41 Cur le líon na bhforaoisí duillsilteacha in Éirinn.

42 A chinntiú nach dtarlóidh dóiteáin foraoise, cibé acu an d'aon ghnó nó trí thimpiste a thosaítear iad.




# Cosaint Gnáthóg agus Speiceas

Ár ngnáthóga agus ár speicis dhúchasacha a chosaint ó thionchar na speiceas ionrach agus ón athrú atá ag teacht ar úsáid talún.

43 Speicis ionracha a rialú agus a bhainistiú mar seo a leanas:

- Gan iad a thabhairt isteach go hÉirinn
- Iniúchadh a dhéanamh ar earraí atá á seoladh go hÉirinn
- Daoine a íoc as speicis ionracha a aimsiú
- Breith ar ainmhithe i ngaistí agus iad a scaoileadh chuig 'gnáthóg nua' (tearmann ainmhithe).
- Fíneálacha a ghearradh má thugtar isteach speicis ionracha (fíneálacha i gcomhréir le saibhreas).
- Gaistí ceamara a úsáid chun speicis ionracha a bhrath
- Feasacht a spreagadh / insint do dhaoine fúthu (ar bhealaí éagsúla – podchraoltaí, na meáin shóisialta, greann)
- Speicis ionracha a bheith mídhleathach
- Ag rá le daoine gan iad a scaoileadh saor
- Insint do dhaoine má fheiceann tú iad

44 Daoine a stopadh ó chur isteach ar phortaigh, ar an bhfiadhúlra agus ar ainmhithe ina ngnáthóg nádúrtha.

45 Níos mó fálta sceach agus díog a spreagadh trí dhreasachtaí/luach saothair a bheith ar fáil chun gearradh fálta/féir a laghdú agus an fiántas a thabhairt ar ais i bhfálta sceach.

46 Gréasán conairí, cosán, tollán agus droichead fiadhúlra a bhunú ar fud na hÉireann.

47 Go mbeadh ar chait cloigíní a chaitheamh (ionas go mbeadh a fhios ag éin go bhfuil siad ann).

48 Stopadh ag fiach speiceas agus éan atá i mbaol san fhiántas.

49 Córas pointí pionóis a bhunú ionas nach scriosfar a thuilleadh gnáthóg. Dá mhéad pointí a gheobhaidh tú is ea is déine a éiríonn na pionóis e.g. má tá cuideachta ag dumpáil go neamhdhleathach, ba cheart cuid dá sócmhainní (réadmhaoin, mar shampla) a ghabháil.



# Róshaothrú

Aghaidh a thabhairt ar chailliúint bithéagsúlachta de bharr róshaothrú. Féachaint chuige go mbeidh an bhithéagsúlacht i réim sna háiteanna ina bhfástar agus ina mbailítear ár mbia, agus go dtabharfar cúnamh do na daoine a bhíonn ag obair sna háiteanna sin chun dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta.

**50** Stop a chur leis an úsáid a bhaintear as ceimiceáin dhíobhálacha agus lotnaidicídí díobhálacha. Bheadh sé i gceist leis sin:

- Daoine a stopadh ó phlandaí a spraeáil le lotnaidicídí agus ceimiceáin
- Féachaint chuige nach scaipfidh feirmeoirí ceimiceáin ar na bóithre

**51** Tacú le feirmeoirí plandaí orgánach a fhás mar gur fearr iad don chomhshaol agus dár sláinte.

**52** Dreasachtaí níos mó a sholáthar chun meatán a laghdú.

**53** Rialacháin agus cuótaí a fhorfheidhmiú ar sheilg/saothrú cineálacha áirithe speiceas (speicis atá i mbaol nó speicis atá faoi chosaint). Fíneáil a ghearradh ar dhaoine mura gcloíonn siad leis an gcuóta.

**54** An ró-innilt a laghdú chun teorainn a chur leis an tionchar ar ghnáthóga féaraigh. Scéimeanna, fóirdheontais agus tacaíocht a chur ar fáil d'fheirmeoirí ionas nach gcaithfidh siad róshaothrú a dhéanamh ar an gcéad dul síos.

**55** Airgead a thabhairt d'fheirmeoirí chun tacú leo na hathruithe is gá a dhéanamh.

**56** Teorainneacha a chur i bhfeidhm ar dhaoine maidir le rudaí éagsúla a dhéanamh le linn séasúir éagsúla e.g. seilg, feirmeoireacht, iascaireacht.

**57** An tréad náisiúnta bó a laghdú de leath.

**58** Stop a chur leis an ró-iascaireacht trí shrianta, cuótaí agus rialacháin a bheith i bhfeidhm i dtaobh cleachtais iascaireachta (gan cead a bheith ag iascaireacht ach amháin ar bhealach eiticiúil).



# Buíochas

*Teachtaireacht ó na daoine fásta ar an bhfoireann tionscadail.*

Próiseas iontach a bhí anseo, agus ghlac a lán daoine díograiseacha, idir páistí agus daoine fásta, páirt ann. Is mór an spreagadh a thug siad dúinn. Is muidne na daoine fásta a bhí páirteach san fhoireann tionscadail, agus ba mhaith linn buíochas ollmhór a ghabháil le gach duine a thacaigh leis an obair seo – idir thuismitheoirí, chúramóirí agus scoileanna, grúpaí pobail áitiúla, ionadaithe tofa, eagraíochtaí áitiúla agus cinn i gcéin, agus ar ndóigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, a léirigh, tríd an obair seo a choimisiúnú, go rabhadar dúthrachtach dícheallach i dtaobh rannpháirtíocht fhiúntach a bheith acu le páistí agus daoine óga. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin lenár gcairde a bhí páirteach i dTionól Náisiúnta Saoránach na hÉireann ar Chailliúint na Bithéagsúlachta as a dtacaíocht agus as an bpáirt a ghlac siad inár bpróiseas féin.

Ach tá dhá ghrúpa ar leith daoine ar mhaith linn buíochas ar leith a rá leo.

Ar dtús, ba mhaith linn ár mbuíochas mór a ghabháil le hAmhairghin, Anabel, Elsie, Fiach, Jesse, Jordan, Marlie, Niamh agus Síofra, ár gComhairleoirí Óga. Ba mhór an phribhléid é a bheith ag obair libh, ag foghlaim uaibh (agus ag gáire in éineacht libh!) le sé mhí anuas agus is mór an sult a bhaineamar as bhur gcuideachta. Ní fhéadfadh an Tionól a bheidh ann gan sibhse, nó ní éireodh chomh geal leis. Go raibh maith agaibh as bhur saineolas agus bhur ndíograis a roinnt linn go léir, agus as grá don dúlra agus don bhithéagsúlacht a spreagadh ina lán páistí agus daoine óga ar fud na hÉireann.

Agus gabhaimid míle buíochas freisin le 35 ball an Tionóil. Táimid iontach buíoch go raibh sibh sásta teacht ar an aistear speisialta, nua seo – bhí léargas pearsanta ar leith ag gach duine agaibh a chuir leis an Tionól. Go raibh maith agaibh as an obair luachmhar a rinne sibh, agus as seasamh le cearta an linbh agus cearta an dúlra.

A Chomhairleoirí Óga agus a Bhaill Tionóil – tá an-dóchas againn anois agus a fhios againn go bhfuil daoine chomh cineálta, tuisceanach, cróga libhse ag faire amach d'Éirinn feasta. Go raibh míle maith agaibh.



# Tagairtí


1. Tuarascáil ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Chomhshaol agus Forbairt, Rio de Janerio 3–14 Meitheamh 1992. URL ag a bhfuarthas í: https://digitallibrary. un.org/record/160453?ln=ga.

2. "It's up to you, me and all of us." Parlaimint na Leanaí agus Comhthionól Aeráide na hAlban, 2021. URL ag a bhfuarthas é: https://www. childrensparliament.org. uk/wp-content/uploads/Childrens-Parliament_Climate_Assembly_2021.pdf.

3. Sonraí ó Dhaonáireamh 2016, ar fáil ag https://data.cso.ie.

4. Laura Lundy (2007), 'Voice' is not enough: conceptualising Article 12 of the United Nations Convention on the Rights of the Child', *British Educational Research Journal*, 33:6, 927-942.

5. Lissy Fehnker, Diane Pearson & Peter J. Howland (2022), Inclusion of nature in self and pro-nature beliefs: utilising psychological scales in environmental management to Further understand if interconnectedness with nature supports sustainable outcomes – A case study in Tāmaki Makaurau Auckland, Aotearoa New Zealand, *Australian Geographer*, 53:1, 61-83.

6. IPBES (2019), Global assessment report on biodiversity and ecosystem services of the Intergovernmental Science-Policy Platform on Biodiversity and Ecosystem Services. E. S. Brondizio, J. Settele, S. Díaz, agus H. T. Ngo (eagarthóirí). Rúnaíocht IPBES, Bonn, an Ghearmáin. 1148 leathanach. URL ag a bhfuarthas é: https://doi.org/10.5281/zenodo.3831673




















UCC
GAMER




Is iad Valery Molay, Katie Reid agus Diarmuid Torney a scríobh an tuarascáil seo le cúnamh ó mhórfhoireann an tionscadail.

**Bailiú Grafaicí**

Hazel Hurley

hazelhurleydesign.com

**Aistriúchán**

Bríd Ní Fhlathúin

entoga.com

**Grianghraif**

Fabian Boros

Rua Productions

ruaproductions.com

**Dearadh**

go-to Garvan

gotogarvan.com

info@gotogarvan.com

